# CLÁR ÁBHAIR

**CLÁR ÁBHAIR** ........................................ 2

**1. RÉAMHRÁ** ........................................ 3

**2. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH** ........................................ 3

2.1 Barúlacha ginearálta ........................................ 3

2.2 Conas do chomhad iarratais comhlánaithe a chur isteach ........................................ 3

2.2.1 Socrú réasúnta ........................................ 4

2.3 Na doiciméid tacaíochta nach mór a chur i gceangal leis an iarratas ........................................ 4

2.3.1 Nótaí ginearálta ........................................ 4

2.3.2 Doiciméid tacaíochta i gcás na gcritéar ginearálta incháilitheachta ........................................ 5

2.3.3 Doiciméid tacaíochta i gcás na gcritéar sonrach incháilitheachta ........................................ 5

Céimeanna agus/nó teastais lena ndéantar fianú ar chúrsaí léinn a tugadh chun críche go rathúil ........................................ 5

Taithí ghairmiúil (má iarrtar a leithéid) ........................................ 5

Eolas ar theangacha ........................................ 6

**3. NA CÉIMEANNA SA NÓS IMEACHTA** ........................................ 7

3.1 Iontráil agus measúnú ar cháilíochtaí (an chéad chéim) ........................................ 7

3.2 Trialacha (an dara céim) ........................................ 7

3.3 Líosta d'iarrthóirí oiriúnacha ........................................ 8

**4. DÍCHÁILIÚ** ........................................ 8

**5. FAISNÉIS GHINEARÁLTA** ........................................ 8

5.1 Ranníocaíocht airgeadais i dtreo speansais taistil agus chothaithe/aisíocaíocht speansais misin i dtaca leis na trialacha a dhéantar i bpearsa ........................................ 9

5.2 Iarrataí ó iarrthóirí ar rochtain ar fhaisnéis a bhaineann leo ........................................ 9

5.3 Sonraí pearsanta a chosaint ........................................ 10

**6. IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC – GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH** ........................................ 10

**IARSCRÍBHINN I** ........................................ 11

**IARSCRÍBHINN II** ........................................ 15

**IARSCRÍBHINN III** ........................................ 19

IARRATAÍ AR ATHBHREITHNIÚ – GEARÁIN AGUS ACHOMHAIRC – GEARÁIN CHUIG AN OMBUDSMAN EORPACH ........................................ 19

A. Iarrataí ar athbhreithniú ........................................ 19

B. Gearáin agus achomhairc bhreithiúnacha ........................................ 19

C. Gearán a chur faoi bhráid an Ombudsman Eorpaigh ........................................ 20

# 1. RÉAMHRÁ

Tá nós imeachta roghnúcháin oscailte do shaoránaigh uile an Aontais a shásaíonn na critéir (ginearálta agus sonrach) agus na cáilíochtaí incháilitheachta faoin dáta deiridh le haghaidh iarratas. Áirithítear leis sin go dtugtar deis chothrom do gach iarrthóir a gcuid scileanna a léiriú, lena lamháiltear do roghnúchán fiúntasbhunaithe agus cóir chomhionann a bheith ann.

Déantar na hiarrthóirí a n-éiríonn leo a chur ar liosta d'iarrthóirí oiriúnacha, liosta óna ndéanann Parlaimint na hEorpa daoine a fhostú bunaithe ar na riachtanais atá aici.

Déantar coiste roghnúcháin a chur ar bun i gcás gach nós imeachta, le comhaltaí atá ceaptha ag an bhfoireann riaracháin agus ag an gcoiste foirne. Is ar mhodh rúin a dhéantar obair an choiste roghnúcháin agus cuirtear an obair sin i gcrích i gcomhréir le Rialacháin Foirne an Aontais Eorpaigh.

Chun na hiarrthóirí is fearr a roghnú, déanann an coiste comparáid idir cáilíochtaí agus feidhmíocht na n-iarrthóirí chun measúnú a dhéanamh ar a n-oiriúnacht na dualgais a bhfuil tuairisc orthu san fhógra a chomhlíonadh. Ní hamháin go ndéanann an coiste leibhéal eolais an iarrthóra a mheas ach déanann sé na daoine is fearr atá cáilithe a shainaithint bunaithe ar a bhfiúntas.

# 2. CONAS IARRATAS A DHÉANAMH

## 2.1 Barúlacha ginearálta

Sula ndéanfaidh tú iarratas, déan deimhin de go gcomhlíonann tú na critéir incháilitheachta uile trí athbhreithniú críochnúil a dhéanamh ar an bhfógra earcaíochta agus ar an treoir seo agus trí aird chuí a thabhairt ar na riachtanais.

Ní mór duit d'iarratas a chur isteach tríd an ardán ar líne Apply4EP, ar an ardán sin amháin. Chun cuntas a chruthú ar Apply4EP, cliceáil ar an táb 'Déan iarratas ar líne' ag bun an fhógra agus lean na treoracha.

**Ní féidir leat ach aon chuntas amháin a chruthú** ach is féidir leat nuashonrú a dhéanamh ar do fhaisnéis phearsanta más gá.

Má bhíonn deacrachtaí agat cuntas Apply4EP a chruthú nó má bhíonn deacrachtaí teicniúla agat, déan teagmháil le: PERS-APPLY4EPContacts@europarl.europa.eu.

Déan deimhin de go ndéanfar d'iarratas comhlánaithe ar líne, agus na doiciméid tacaíochta riachtanacha uile, a bhailíochtú in Apply4EP roimh an sprioc-am atá leagtha síos san fhógra.

**Ní ghlacfar le hiarratais ná le doiciméid tacaíochta a chuirfear isteach trí Apply4EP tar éis an sprioc-ama.** Ná fan go dtí an lá deireanach chun iarratas a dhéanamh. Ní fhéadfar Parlaimint na hEorpa a chur faoi dhliteanas i gcás saincheisteanna teicniúla ag an nóiméad deireanach arb ann dóibh de dheasca ró-ualú ar an gcóras.

Ní bhreithneofar ach na hiarratais a chuirfear isteach trí Apply4EP. Ná déan d'iarratas a chur isteach tríd an bpost, bíodh an litir sin cláraithe nó ná bíodh. Ní ghlacfaidh an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain le hiarratais a chuirfear isteach trí lámhsheachadadh.

Is é an tAonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain a bheidh i mbun gach cumarsáide leis na hiarrthóirí ar feadh an nós imeachta. Déanfar an comhfhreagras go léir, lena n-áirítear cuireadh chun na dtrialacha agus cur in iúl na dtorthaí, a sheoladh chuig an seoladh ríomhphoist a shonraítear i d'iarratas Apply4EP. Seiceáil do ríomhphost go rialta agus déan nuashonrú ar do shonraí pearsanta más gá.

**Iarrtar ort gan glaoch a chur ar an Aonad um Roghnú Tallainne agus um Fhor-rochtain. Déan aon cheisteanna atá agat a chur isteach trí fhreagra a thabhairt ar an ríomhphost a dhearbhaíonn d'iarratas ar líne**.

Má bhíonn deimhniú tinrimh do na trialacha uait, déan é a iarraidh trí fhreagra a thabhairt ar an teachtaireacht inar tugadh cuireadh chun na trialach duit.

## 2.2 Conas do chomhad iarratais comhlánaithe a chur isteach

